LCDC

Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC)

## Chathair na Gaillimhe

# Tuarascáil Bhliantúil 2025



# Clár

**Ráiteas leis an bPríomhoifigeach, LCDC Chathair na Gaillimhe** ..........4

1. Réamhrá agus Cúlra ..........5

   1.1 Ról agus Feidhmeanna LCDC Chathair na Gaillimhe ..........5

   1.2 Comhaltas agus Cruinnithe LCDC ..........6

2. Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) ..........8

3. An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail ..........9

   3.1 Dul chun cinn faoi SICAP ..........10

   3.2 Príomhghnóthachtálacha GCP SICAP 2025 ..........10

   3.3 SICAP 2025 Cás-Staidéar GCP ..........14

   3.4 Iniúchadh SICAP 2024 ..........14

   3.5 Pleanáil Bhliantúil do SICAP 2026 ..........14

4. Tionscnaimh Forbartha Pobail ..........15

   **4.1 Tionscnaimh agus Tacaíochtaí Forbartha Pobail - UCDOnna** ..........15

   4.2 Buiséad Rannpháirtíochta Pobail ..........18

   4.3 Féile Sráide Chathair na Gaillimhe ..........19

   4.4 'Compass Recovery', Mol Téarnaimh WRDATF ..........20

5. Lánpháirtiú agus Tacaíochtaí do Phobail Nua ..........20

   5.1 Foireann Lánpháirtithe na nÚdarás Áitiúil ..........20

   5.2 Straitéis agus Tionscnaimh Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe ..........21

6. Cathair Shláintiúil na Gaillimhe ..........22

   6.1 Deontas Pobail Chathair Sláintiúil na Gaillimhe 2025 ..........23

   6.2 Táscairí Toraidh ..........23

7. Clár Aoisbhá ..........25

   7.1 Straitéis Aoisbhá na Gaillimhe 2026 – 2031 ..........25

   7.2 Tionscnaimh Aoisbhá 2025 ..........26

8. Scéimeanna Maoinithe Pobail ..........27

8.1 Ciste Aitheantais Pobail 2024 ..........27
8.2 Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2025/2026 ..........29
8.3 Féilte Pobail Áitiúla ..........30
8.4 Gníomhú Pobail, Cuimsiú, Athghiniúint, Forbairt & Comhshaol (CAIRDE) ..........30
9. Clár Forbartha Pobail ..........31
10. Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN/PPN) ..........33
11. Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe (GVC) ..........36

# Ráiteas leis an bPríomhoifigeach, LCDC Chathair na Gaillimhe

Ceanglaítear ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Áitiúil maidir lena chuid gníomhaíochtaí an bhliain roimhe sin. Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta maidir le feidhmeanna éagsúla an LCDC in 2025, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcoitinne, sonraí faoi chruinnithe a tionóladh, cur chun feidhme an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2024 - 2029 agus sonraí faoin maoirseacht, faoin mbainistíocht agus faoin gcomhoibriú i ndáil le cláir atá maoinithe go poiblí faoi shainchúram an LCDC.

Ó cuireadh an tuarascáil dheireanach isteach, lean LCDC Chathair na Gaillimhe agus a fhochoistí ag teacht le chéile agus ag cur ghné an Phobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) i gcrích i rith 2025. Lean an LCDC den bhonn a sholáthar do chur chuige comhleanúnach, sruthlínithe agus comhordaithe i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail.

I measc bhuaicphointí na bliana bhí seachadadh leanúnach na ngníomhaíochtaí faoi Phlean Cur Chun Feidhme LECP 2024 – 2025, agus Plean Cur Chun Feidhme LECP 2026 – 2027 a ullmhú.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do chomhoibriú agus tiomantas leanúnach gach comhalta agus comhpháirtí de LCDC Chathair na Gaillimhe a thuig na buntáistí a bhaineann le fíor-chomhpháirtíocht mar thoradh ar struchtúir agus cláir luachmhara LCDC a bheith ann. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair na foirne sa rannóg Pobail a thug tacaíocht don LCDC agus as an tacaíocht a thug siad chun freastal ar riachtanais an phobail in 2025.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ach go háirithe do chúnamh agus do cheannaireacht an Chomhairleora Helen Ogbu, a toghadh mar Chathaoirleach ar feadh téarma 3 bliana in 2024. Táim ag tnúth le bheith ag obair agus ag tacú leis an LCDC in 2026 chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cur leis an méid atá bainte amach aige go dtí seo.

Leag mé amach thíos an tuarascáil do 2025 lena breithniú agus lena ceadú ag comhaltaí LCDC Chathair na Gaillimhe.

Dermot Mahon

Príomhoifigeach, LCDC Chathair na Gaillimhe

# 1. Réamhrá agus Cúlra

Is é atá sa doiciméad seo an Tuarascáil Bhliantúil do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LCDC) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 arna hullmhú de réir Alt 128B (1)(i) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ina luaitear gurb é ceann d'fheidhmeanna an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil "*tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil isteach*".

Bunaíodh LCDC Chathair na Gaillimhe in 2014 chun cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i leith forbairt áitiúil agus pobail. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón rialtas áitiúil agus ó na hearnálacha forbartha áitiúla, ó chomhlachtaí poiblí agus ó ionadaithe leasanna sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus pobail.

## 1.1 Ról agus Feidhmeanna LCDC Chathair na Gaillimhe

De réir na bhfeidhmeanna atá sonraithe san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, is ar an LCDC atá an phríomhfhreagracht as caiteachas ar fhorbairt áitiúil a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú, is cuma cé acu ag údaráis áitiúla nó thar ceann an Stáit nó ag gníomhaireachtaí agus struchtúir forbartha áitiúla eile a chuirtear an caiteachas sin ar fáil. Tá feidhmeanna an LCDC sonraithe san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 lena n-áirítear:

- Na gnéithe pobail de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 6 bliana a ullmhú agus a ghlacadh.
- Gnéithe pobail an Phlean a chur i bhfeidhm nó socrú a dhéanamh chun iad a chur i bhfeidhm.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar chur i bhfeidhm ghnéithe pobail an Phlean agus, más cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha agus na straitéisí a leagtar amach chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach.

- Comhordú, bainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú cláir forbartha áitiúla agus pobail atá ceadaithe ag an údarás áitiúil ábhartha nó trí chomhaontú idir an LCDC agus údarás poiblí ábhartha (m.sh. Roinn Rialtais, Gníomhaireacht Stáit)
- Féachaint le héifeachtacht, comhsheasmhacht, comhordú agus seachaint dúblála a chinntiú idir cláir forbartha áitiúla agus pobail a mhaoinítear go poiblí, chomh maith le comhordú a dhéanamh i gcoitinne ar gach clár forbartha áitiúil agus pobail laistigh de limistéar feidhme an Choiste.
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna.

## 1.2 Comhaltas agus Cruinnithe LCDC

Tá 17 gcomhalta ar LCDC Chathair na Gaillimhe lena n-áirítear ionadaithe ó na hearnálacha reachtúla (poiblí) agus neamhreachtúla (príobháideacha) taobh istigh de limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe. Tugtar daoine atá ag obair go gníomhach i bhforbairt áitiúil agus i bhforbairt pobail le chéile sa chomhaltas, chomh maith le comhaltaí údaráis áitiúil, oifigigh agus gníomhaireachtaí stáit agus cuirtear scileanna éagsúla na ndaoine sin i ngníomh chun cur chuige comhcheangailte a chur i bhfeidhm i leith forbairt áitiúil agus pobail i gCathair na Gaillimhe.

Is mar seo a leanas a bhí Comhaltas an LCDC amhail an 31 Nollaig 2025.

| **Leasanna Reachtúla (8)** | | |
|---|---|---|
| **Earnáil** | **Ainm** | **Eagraíocht** |
| **Comhaltaí Tofa an Údaráis Áitiúil** | An Clr Helen Ogbu (Cathaoirleach) | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| | An Clr Josie Forde (Leas-Chathaoirleach) | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| | An Clr Eibhlín Seoighthe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Oifigigh an Údaráis Áitiúil** | Derek Pender | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |

| | | |
|---|---|---|
| | Caroline McDonagh | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **Gníomhaireachtaí Stáit** | Laurence Gaughan | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| | Sinead Morgan | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin |
| | Aoife Glennon | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| **Leasanna Neamhreachtúla (9)** | | |
| **Earnáil** | **Ainm** | **Eagraíocht** |
| Pobal, Cuimsiú Sóisialta, Comhshaol | Justine Delaney | Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN) |
| | Joanne Laffey | Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN) |
| | Tommy Flaherty | Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN) |
| | Fiona McDonagh-Delaney | Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN) |
| | Lorraine Lally | Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN) |
| Ceardchumann | Elaine Harvey | Comhairle Ceardchumann na Gaillimhe |
| Fiontar Sóisialta | Shane Tuohy | An Earnáil Fiontar Sóisialta |
| Forbairt Áitiúil | Linda Sice Brogan | Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe |
| Obair Dheonach/Rannpháirtíocht Chathartha | Donnacha Foley | Obair Dheonach/Rannpháirtíocht Chathartha (Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe) |

Bhí 5 athrú sa chomhaltas in 2025 agus d'éirigh na comhaltaí seo a leanas as: Regina Higgins Uasal, An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Charlotte May Uasal, GCCN/PPN.

Lorgaíodh ionadaithe ó gach eagraíocht agus rinneadh comhaltaí den LCDC díobh seo a leanas in 2025: Aoife Glennon Uasal, An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Justine Delaney Uasal, GCCN/PPN.  Tháinig triúr comhaltaí nua isteach san LCDC tar éis leathnú comhaontaithe ar an gcomhaltas ó 15 go 17 comhalta: An Clr. Eibhlín Seoighthe, Ionadaí Tofa na nÚdarás Áitiúil; An tUasal Shane Tuohy, An Earnáil Fiontar Sóisialta; agus An tUasal Donnacha Foley, Obair Dheonach/Rannpháirtíocht Chathartha.


Bhí cúig chruinniú ag LCDC Chathair na Gaillimhe in 2025 ar an 26 Feabhra, 30 Aibreán, 16 Iúil, 10 Meán Fómhair, agus 5 Samhain. Cuireadh an cruinniú sceidealaithe do mhí na Nollag ar ceal toisc nár baineadh an córam tinrimh amach. Mar atá leagtha amach sna Buan-Orduithe, is 9 gcomhalta an córam do chruinnithe LCDC Chathair na Gaillimhe.

Tacaítear le hobair an LCDC le tiomantas a chomhaltaí suí ar fhoghrúpaí chun nithe a bhreithniú ar bhealach níos mionsonraithe agus tuarascálacha agus moltaí a ullmhú lena mbreithniú ag cruinnithe LCDC. Tháinig foghrúpaí den LCDC le chéile de réir mar is gá in 2025 lena n-áirítear Foghrúpa SICAP agus Coiste Stiúrtha Chathair Sláintiúil na Gaillimhe.


Tá cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe an Choiste LCDC ar fáil sa rannóg Pobail de shuíomh gréasáin na Comhairle anseo.

## 2. Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

Is é príomhaidhm an LECP na cuspóirí agus na gníomhartha a leagan amach, ar feadh tréimhse sé bliana, a theastaíonn chun forbairt eacnamaíoch agus forbairt áitiúil agus pobail Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn agus tacú leo, go ndéanfadh Comhairle Cathrach na Gaillimhe sin go díreach, agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile san fhorbairt eacnamaíoch agus pobail.




Mar chreat d‘fhorbairt gheilleagrach agus d’fhorbairt pobail Chathair na Gaillimhe, beidh an LECP ar an bpríomhshásra ag an leibhéal áitiúil chun gníomhartha ábhartha a eascraíonn as straitéisí agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil sainchúram áitiúil orthu a thabhairt chun cinn.




Tacaíonn treoirlínte a eisíodh faoi Alt 66B den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 le cur i bhfeidhm, le monatóireacht agus le meastóireacht leanúnach ar an bpróiseas LECP.

Soláthraíonn an LECP reatha creat leathan, straitéiseach a threoraíonn ullmhú agus seachadadh sraith pleananna cur chun feidhme 2 bhliain, lena soláthraítear an inoiriúnaitheacht agus an tsolúbthacht a theastaíonn chun freagairt do riachtanais agus deiseanna a thiocfaidh chun cinn ar bhonn leanúnach thar thréimhse 6 bliana an phlean.

Comhaontaíodh Plean Cur Chun Feidhme LECP 2026 – 2027 in 2025, bunaithe ar na Cuspóirí Ardleibhéil a leagtar amach i gCreat LECP 2024 – 2029. Tá Cúig Sprioc Ardleibhéil ann a chuideoidh le LCDC fís fhoriomlán LECP a bhaint amach:

1. réigiún cathrach cruthaitheach den chéad scoth
2. cathair nuálach
3. cathair atá cothrom agus cuimsitheach
4. cathair sheasmhach inbhuanaithe
5. cathair a chuireann sláinte agus folláine chun cinn

Tá 66 ghníomhaíocht i bPlean Cur Chun Feidhme 2026 - 2027 chomh maith le príomhthorthaí ábhartha chun meastóireacht a éascú. Cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe 56% de na gníomhartha ar fáil go díreach agus cuirfear 44% ar fáil i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile. Tá athbhreithniú deiridh ar an gcéad bhliain agus ar an dara bliain de Phlean Cur Chun Feidhme LECP 2024 – 2025 le cur i gcrích agus le cur faoi bhráid an LCDC in 2026. Tugtar breac-chuntas san athbhreithniú ar dhul chun cinn gach ceann de na gníomhartha a ndéanann an LCDC monatóireacht orthu.

## 3. An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail

Ba phríomhthionscnamh é an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2024-2028 don LCDC in 2025, agus nuashonruithe agus meastóireachtaí rialta ar dhul chun cinn á mbreithniú ag cruinnithe LCDC. Tá dhá bhliain den chlár curtha i gcrích

anois agus déanfar athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil do 2025 agus ar Phlean 2026 ag cruinniú LCDC i mí Feabhra.

## 3.1 Dul chun cinn faoi SICAP

Ceadaíodh Plean Bliantúil SICAP 2025 ag cruinniú LCDC i mí Feabhra mar aon le Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn SICAP 2024. Bhuail Foghrúpa SICAP an LCDC le comhordaitheoir 'Pobal' chun athbhreithniú a dhéanamh ar athbhreithniú Feidhmíochta Bliantúil SICAP 2025 agus ar Phlean Bliantúil 2025. Ba é €1,047,857 an buiséad do 2025. Sháraigh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe na spriocanna a leagadh síos don chlár arís in 2025. Sáraíodh na spriocanna seo a leanas a leagadh amach mar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPI); 1 ghrúpa pobail áitiúil ar tugadh cúnamh dóibh agus 2 duine aonair faoi mhíbhuntáiste a fostaíodh ar bhonn duine le duine. Is féidir tacaíochtaí agus tionscnaimh Chomhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe faoin gClár SICAP a fháil ar shuíomh gréasáin SICAP

## 3.2 Príomhghnóthachtálacha GCP SICAP 2025

**Tacaíochtaí do Phobail Nua:** Tháinig méadú leanúnach ar líon na ndaoine a bhí ag lorg Cosaint Idirnáisiúnta i gCathair na Gaillimhe in 2025. Tháinig méadú ar an éileamh ar thacaíocht SICAP ar fud an chláir, rud a d'fhág go raibh gá le nuálaíocht agus solúbthacht lena seachadadh. I measc na dtacaíochtaí a cuireadh ar fáil bhí cúnamh le hiarratais ar thearmann, athaontú teaghlaigh, tacaíochtaí ESOL agus tacaíochtaí fostaíochta SICAP.

Bhí an Líonra IPAS gníomhach i gcónaí, agus ghlac baill páirt in go leor seisiún oiliúna chun scileanna foirne tosaigh a neartú dóibh siúd a bhíonn ag obair le IPAS. Chuir an líonra obair den scoth i gcrích i rith 2025, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Tusla, agus iad ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí eile chun cabhrú le tacaíochtaí a sholáthar. Tugadh cruinnithe téamacha nua isteach a mbíonn cás-staidéir agus cur i láthair mar chuid dóibh. Tugann siad seo tuiscint níos fearr don fhoireann, agus cuidíonn siad leo cleachtas níos láidre agus níos dírithe a fhorbairt.

Is léiriú é an t-éileamh méadaitheach ar an tSeirbhís Imirceach ar éifeachtacht na seirbhíse agus na dtacaíochtaí leanúnacha d'imircigh a bhíonn á seachadadh ar fud na cathrach. Chuir GMS obair chomhoibritheach chun cinn go gníomhach ar fud chlár SICAP laistigh de GCP agus treoraíodh roinnt mhaith daoine i dtreo tacaíochtaí oiliúna agus

fostaíochta, m.sh. ranganna Béarla, oiliúint i margadh an tsaothair, ullmhú CVanna, agus cuireadh deiseanna foghlama fad saoil ar fáil.

Chuaigh GCP i gcomhpháirtíocht le COPE, le Clann Shíomóin na Gaillimhe, agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun gníomhaíochtaí ealaíne agus cruthaitheacha a sholáthar do theaghlaigh i gCóiríocht Éigeandála do Dhaoine gan Dídean. Chuir na ceardlanna an fholláine, an féinléiriú agus an nascadh teaghlaigh chun cinn, agus chuir an fhoireann tacaíocht ar fáil chun a chinntiú gur bhraith gach rannpháirtí go raibh fáilte rompu. Neartaigh sé seo naisc idir teaghlaigh agus tacaíochtaí pobail áitiúla, rud a fheabhsaíonn rannpháirtíocht agus cuimsiú trí chéile.

I measc na dtionscnamh eile bhí - ‘*Voices and Visions’,* spás ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine agus a dtagann siad le chéile ann le scíth a ligean, le scéalta a roinnt agus le nascadh trí theangacha agus tríd an gcruthaitheacht. Is eagraíocht phobail í ‘*Multinational Creatives’* a spreagann an chruthaitheacht, an inbhuanaitheacht agus an cumhachtú trí ghníomhaíochtaí cuimsitheacha atá neamhdhíobhálach don timpeallacht a reáchtáil. Is grúpa pobail uilechuimsitheach í *SheMoves* ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine. Tacaíonn GCP leis an ngrúpa trí SICAP. Cruthaíonn sé spás inar féidir le mná, go háirithe iad siúd a tháinig go hÉirinn le déanaí nó a bhfuil taithí acu ar an imeallú, a bheith ag gluaiseacht, a bheith muiníneach, agus ceannaireacht a thabhairt.

**Leanaí agus Teaghlaigh:** Tugadh tacaíocht do gach Bunscoil agus Iar-bhunscoil DEIS faoin nGníomh seo. Áiríodh seachadadh an chláir 'Incredible Years', Dina sa Seomra Ranga, leis seo, i gceithre bhunscoil sa chathair. Tacaíochtaí don Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil do gach Bunscoil DEIS i bhfoirm ábhar saincheaptha Ullmhacht chun Scoile. Réimse tionscnamh chun an Fholláine, an Fhéinmhuinín agus an Athléimneacht a fhorbairt i Scoileanna, chomh maith le tacaíochtaí níos spriocdhírithe i dtaobh ullmhúchán scrúduithe do dhaoine óga. I measc na dtionscnamh nua eile in 2025 bhí - An tionscadal 'Cuddle and Read' i Scoil San Phroinsias, agus an tionscadal píolótach comhoibritheach 'Bright notes'; ceardlann cheoil a reáchtáladh i gcomhar le BRIDGE agus Music Generation Chathair na Gaillimhe chun teagmháil a dhéanamh le leanaí/daoine óga in Ionad Soláthair Díreach an Lárphointe. Tugadh tacaíocht do Lá Gníomhaíochta Cuimsitheach i gColáiste Muire Máthair a bhí á reáchtáil ag foireann Shraith Chuan na Gaillimhe faoin ngníomh seo.

**Meabhairshláinte:** Bhí tábhacht ag baint le nascadh sóisialta in 2025 arís agus léirigh an t-aiseolas gur tháinig feabhas ar mheabhairshláinte na ndaoine a ghlac páirt i ngrúpaí pobail. I measc na n-imeachtaí bhí *Emerald Wellness Space*: Grúpa pobail nua a bunaíodh chun an mheabhairshláinte agus malartú cultúrtha a chur chun cinn. D'fhreastail go leor daoine ar cheardlanna i dteannta aoichainteoirí agus cuireadh seisiún ióga ar siúl. Tá an grúpa *Fir an Bhaile Bháin* ag teacht le chéile go seachtainiúil go fóill. Ghlac baill an ghrúpa páirt go gníomhach i gClár Nirt agus Aclaithe. Tá an tOibrí Forbartha Pobail ag obair go dlúth le ceannairí an ghrúpa chun acmhainn an ghrúpa a neartú, agus chun an grúpa a spreagadh chun bheith níos neamhspleáiche ó thaobh ceannaireachta de. Chomh maith leis na gníomhaíochtaí seo, d'éirigh go maith le cúig chlár *Bia Sláintiúil a Dhéanamh go hÉasca* a cuireadh ar siúl ar fud na cathrach.

**Seachadadh agus Éascú Tacaíochtaí Nuálacha:** Chuaigh Oibrithe Tacaíochta Piaraí SICAP i mbun roinnt seisiún oiliúna maidir le Gearr-Idirghabháil SAOR, chun scagadh a dhéanamh, mar shampla. Bunaíodh grúpa reatha d'andúiligh atá ag téarnamh mar thionscnamh chun cabhrú le daoine aonair a bhfolláine agus a muinín a fheabhsú. Tionscnamh a bhí in *An Nollaig a Bhainistiú* a cuireadh ar siúl le linn thréimhse na Nollag.

Tá ag éirí go maith le Féile Ealaíon Thaobh an Oirthir (EAF) atá á reáchtáil le dhá bhliain anuas. Is buaicphointe bliantúil í an fhéile anois den saol cultúrtha ar thaobh thoir na Gaillimhe. Meallann an fhéile lucht féachana nach bhfreastalódh ar imeachtaí foirmiúla ealaíon de ghnáth. Sáraíonn EAF bacainní ar rannpháirtíocht sna healaíona i gceann de na ceantair is éagsúla agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa chathair, tugtar tacaíocht d'ealaíontóirí áitiúla agus cuirtear an comhtháthú sóisialta chun cinn trí eispéiris chruthaitheacha chomhroinnte.

*Ceardlann Oideachais Ealaíne le Baboró* - D'eagraigh GCP an Cheardlann Oideachais Ealaíne seo i gcomhar le Baboró do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha a oibríonn i suíomhanna iarscoile pobalbhunaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste sa chathair. Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann caidreamh a chothú le Baboró.

**Feasacht ar Mhíchumas:** Tacaíodh le Rochtain do Chách trí mhaoiniú LECP a úsáid chun scannán a chruthú ina leagtar béim ar bhacainní do dhaoine faoi mhíchumas i gcathair na Gaillimhe. Úsáidfear an gearrscannán mar uirlis oideachais do chomhairleoirí, do ghníomhaireachtaí stáit, do ghnólachtaí, scoileanna agus go leor eile. Leathnaigh an

grúpa ballraíocht an ghrúpa stiúrtha freisin chun tuilleadh ball de ghrúpaí agus de ghníomhaireachtaí míchumais sa chathair a chur san áireamh.

**Freagairt an Phobail ar Dhrochíde sa Teaghlach, Líonra Réigiún an Iarthair:** Lean GCP ar aghaidh ag tacú le hobair *Líonra Réigiún an Iarthair um Fhreagairt an Phobail ar Dhrochíde sa Teaghlach.* Rinne GCP athbhreithniú ar obair an líonra le 3 bliana anuas agus forbraíodh Plean Straitéiseach nua do 2026- 2028. Féachann an Líonra le freagairt chomhchoiteann, phobalbhunaithe ar dhrochíde sa teaghlach a chur chun cinn, trí bheith ag obair le chéile mar Líonra i ndlúthpháirtíocht le mná agus leis an bpobal chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál drochíde sa teaghlach agus rialú comhéigneach - trí fheasacht a ardú, acmhainní a fhorbairt agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

**Réitigh Chomhoibríocha a Fhorbairt do Riachtanas Aitheanta:** D'óstáil *Let's Get Galway Growing* Cruinniú Bliantúil an Fhómhair do Ghairdíní Pobail Éireann i mí Dheireadh Fómhair agus tháinig thart ar 50 grúpa gairdíní pobail go Gaillimh. Mar chuid den ócáid bhí painéal cainte maidir leis an bhfás orgánach, comhráití bríomhara, agus cur i láthair ón Oifigeach Gairdíní Pobail, Garraithe Scóir, agus Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide. Leag an ócáid béim ar an tábhacht a bhaineann leis an líonrú, leis an bhfoghlaim agus le rannpháirtíocht an phobail. Ghlac Foireann Forbartha Pobail GCP, in éineacht le hionadaithe pobail ó Thaobh Thiar na Gaillimhe, ó Bhaile an Phoill, agus ón mBaile Bán, páirt i gCeardlann Ghníomhaíochta um Straitéis Bithéagsúlachta chun tionscnamh pobalbhunaithe a chruthú do 2026.

**Fiontair Shóisialta:** Réimse mór dul chun cinn in 2025 ab ea é comhoibriú trasearnála agus comhoibriú ó thaobh réiteach fadhbanna de a neartú i measc fiontar sóisialta. Ba é an t-éacht ba shuntasaí sa chatagóir seo ná forbairt leanúnach agus bunú foirmiúil Líonra Fiontraíochta Sóisialta na Gaillimhe, a thagann le chéile go míosúil agus a fheidhmíonn mar ardán ríthábhachtach don phiarfhoghlaim, d'acmhainní comhroinnte, agus do réitigh chomhoibríocha do riachtanais an phobail. Téann fiontair shóisialta i mbun tionscnaimh oiliúna chomhroinnte i bpleanáil airgeadais agus i mbainistíocht margaíochta tríd an líonra seo. Leanfaidh an Líonra ar aghaidh chun tionchar na bhfiontar sóisialta a mhéadú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte, agus chun freagairtí comhordaithe a chur chun cinn lena bhfeabhsófar folláine an phobail.

## 3.3 SICAP 2025 Cás-Staidéar GCP

"*Our Community, Our Climate"* an teideal a bhí ar fhíseán cás-staidéir SICAP. Tá an t-athrú aeráide anois ar cheann de na dúshláin is práinní atá roimh phobail ar fud an domhain agus ar fud na hÉireann. D'fhorbair Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe an cás-staidéar seo i bhfoirm físeáin chun scéal na hoibre spreagúla atá á déanamh ag réimse eagraíochtaí pobail ar fud na cathrach a insint, agus tiomantas comhroinnte i leith gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht agus aistriú cóir ag na heagraíochtaí sin uile. Chuir Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe an cás-staidéar i láthair ag Cruinniú LCDC mhí Mheán Fómhair 2025. Féach ar an bhfíseán anseo https://www.youtube.com/watch?v=wn3i8493wd8

## 3.4 Iniúchadh SICAP 2024

De réir Chomhaontú Maoinithe LCDC na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (DRCDG), tabharfaidh an LCDC faoi iniúchadh, faoi chigireacht agus/nó faoi fhíorú bliantúil ar SICAP ar feadh ré an chláir. Cuireann an Roinn an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (LGAS) ar conradh chun tabhairt faoi iniúchtaí neamhspleácha SICAP thar ceann na Roinne. Roghnaíodh LCDC Chathair na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe le haghaidh iniúchadh SICAP a thosaigh ag deireadh mhí Eanáir 2026.

## 3.5 Pleanáil Bhliantúil do SICAP 2026

Is é an buiséad atá leithdháilte do SICAP in 2026 ná €1,052,202 agus é sin comhdhéanta de €820,990 do chroíbhuiséad an tionscadail agus leithdháileadh €231,212 do sheirbhísí d'imircigh. Leagtar amach thíos na spriocanna príomhtháscaire feidhmíochta le haghaidh 2026.

| **Tagairt:** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta (KPI)** | **Sprioc 2026** |
|---|---|---|
| 1. | An líon grúpaí pobail áitiúla atá rannpháirteach faoi SICAP | 59 |
| 2. | An líon daoine aonair (15 bliana d'aois agus níos sine) a fuair tacaíocht faoi SICAP ar bhonn duine le duine | 483 |

# 4. Tionscnaimh Forbartha Pobail



Cheap Comhairle Cathrach na Gaillimhe triúr **Oifigeach Forbartha Uirbí agus Pobail (UCDO)** nua chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha sa chathair. Tacóidh na róil seo le forbairt agus cumasú pobal áitiúil, ag obair le cónaitheoirí, grúpaí pobail, agus páirtithe leasmhara eile chun tionscnaimh forbartha a chur i bhfeidhm, agus chun aontacht pobail a fheabhsú.

Tacóidh na róil nua seo le seachadadh LECP, agus le tionscnaimh eile, trí chaidreamh láidir a chothú agus a chothabháil idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an pobal. Tá Oifigeach Forbartha Uirbí agus Pobail tiomnaithe ag gach toghlimistéar áitiúil (LEA) sa chathair (Iarthar, Lár, Oirthear), agus tá freagrachtaí téamacha agus cláir ag na hOifigigh atá dírithe ar an gCathair ar fad, amhail a bheith ag obair go dlúth le grúpaí agus eagraíochtaí a thacaíonn le daoine fásta níos sine, grúpaí eitneacha mionlaigh, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus pobail LADT+.

## 4.1 Tionscnaimh agus Tacaíochtaí Forbartha Pobail - UCDOnna

**Rannpháirtíocht Pobail:** Dhírigh na UCDOnna ar aithne a chur ar a bpobail agus ar thuiscint a fháil maidir le láidreachtaí, deacrachtaí agus riachtanais na bpobal sin. Bhí 127 grúpa pobail/eagraíocht soláthraithe seirbhíse rannpháirteach agus áiríodh rochtain ar mhaoiniú, tacaíocht le struchtúir rialachais, le nósanna imeachta airgeadais, agus le dea-chleachtas do ghrúpaí pobail agus deonacha leis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil. Is ról ríthábhachtach de chuid an UCDO é tacú le hinrochtaineacht don phobal laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus ba phríomhthosaíocht é rannpháirtíocht thras-roinne a éascú maidir le riachtanais an phobail.

**Ionaid Freagartha Pobail:** Obair a dhéanamh le grúpaí pobail agus spóirt chun liosta d'Ionaid/de Mhoil Acmhainní Pobail a chur le chéile a bheidh ar fáil i gcás éigeandála amhail gearradh cumhachta mar thoradh ar stoirm nó ar thuilte. Leanfaidh an tionscadal

seo ar aghaidh in 2026 de réir mar a d'iarr an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Maoiniú Infheistíochta Sóisialta HFA:** Fuair an Fhoireann Forbartha Pobail €40,500 ó Chiste Infheistíochta Sóisialta an Chumainn Airgeadais Tithíochta (HFA) chun tacú le caifé pobail a fhorbairt sa Bhaile Bán. Léirigh Anailís ar Riachtanas an Bhaile Bháin go bhfuil géarghá le mol nó lárphointe áitiúil inar féidir le cónaitheoirí teacht le chéile agus teagmháil a dhéanamh lena chéile go nádúrtha ar bhonn laethúil.

**Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil:** Bunaíodh an Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil (TIG) de chuid Chathair agus de Chontae na Gaillimhe chun saol an phobail áitiúil den Lucht Siúil a fheabhsú agus chun tacú le soláthraithe seirbhíse poiblí an cuspóir seo a bhaint amach, trí chomhoibriú a chothú i measc gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara éagsúla. Tionóladh cruinnithe ráithiúla i rith 2025. Forbraíodh plean gníomhaíochta 2025/2026 bunaithe ar na cuspóirí a bunaíodh do TIG sna téarmaí tagartha agus díríonn an plean ar thrí phríomhréimse: soláthar seirbhísí, beartas náisiúnta agus nascáil.

**Óige:** Aithníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tairbhe a bhaineann le spásanna sábháilte don aos óg ar mheabhairshláinte agus ar fholláine daoine óga agus tá sí tiomanta don dea-chleachtas a fhiosrú maidir le spásanna óige a chomhtháthú sa bhonneagar poiblí níos leithne i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Cuireadh tús le hullmhúcháin le haghaidh Cuairt Staidéir Erasmus+ ar Heilsincí i mí na Nollag 2025 agus tharla an malartú i mí Eanáir 2026. Bunaíodh an tionscnamh seo mar thoradh ar staidéar Planet Youth 2022 inar tuairiscíodh go raibh dúshláin shuntasacha roimh dhéagóirí i gCathair na Gaillimhe. Faoi láthair níl aon spás tiomnaithe don aos óg i gCathair na Gaillimhe. Cuimsíonn an toscaireacht gairmithe ó Tusla, GRETB, GCP, Obair d'Ógra Éireann, Foróige agus Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe.

**Comhairle na nÓg:** Is comhairlí leanaí agus óige iad comhairlí Chomhairle na nÓg sna 31 údarás áitiúil sa tír, ina dtugtar deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach i bhforbairt seirbhísí agus polasaithe áitiúla.

Toisc go bhfuil Comhairle na nÓg ann do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois, nach bhfuil aon chóras vótála eile ar fáil dóibh dá bhrí sin chun a dtuairimí a chur in iúl, dearadh Comhairle na nÓg ionas go mbeadh sé ar chumas daoine óga tionchar a imirt ar na seirbhísí, ar na beartais agus ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu ina gceantar áitiúil.

Cuireadh seachadadh Chomhairle na nÓg amach chun tairisceana i mí Mheán Fómhair 2025. Bronnadh an conradh ar Obair d'Ógra Éireann, a fhostaíonn comhordaitheoir a oibríonn leis na daoine óga chun a chinntiú go bhfuil taithí dhearfach acu. Éascaíonn an comhordaitheoir cruinnithe an choiste chun obair a dhéanamh ar an ábhar a roghnaíodh ag an gCruinniú Cinn Bliana. I measc bhuaicphointí Chomhairle na nÓg bhí Seoladh na Tuarascála Sábháilteachta, a sheol Méara Chathair na Gaillimhe, agus cur i láthair ar an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Jim O'Callaghan TD.




Bhí an Chomhdháil Óige bhliantúil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair agus chuir an coiste fáilte roimh os cionn 60 duine óg ó na meánscoileanna éagsúla sa chathair. Ba é 'Cumarsáid le Lucht Déanta Cinntí' a bhí mar ábhar comhairliúchán na Comhdhála Óige i mbliana.

Phléigh na daoine óga ábhair éagsúla, agus na bealaí a d'fhéadfadh daoine óga na saincheisteanna sin a phlé le lucht déanta cinntí ina gceantair áitiúla. Tar éis an chomhairliúcháin, vótáil na daoine óga ar na hábhair chuí agus roghnaigh siad an fhadhb is mó, dar leo, atá ag cur as do dhaoine óga i gCathair na Gaillimhe. Comhaontaíodh go roghnófaí Meabhairshláinte agus Iompar mar ábhair do 2026.

**Rochtain do Chách:** I measc na dtacaíochtaí a cuireadh ar fáil rinneadh teagmháil le grúpaí pobail maidir le grúpaí rochtana agus maidir leis an gComhairle. Cuireadh roinnt feabhsuithe dearfacha i bhfeidhm lena n-áirítear ionadaíocht ón gComhairle ag na cruinnithe míosúla Rochtain do Chách, iniúchadh ar an inrochtaineacht siúil ag margadh

na Nollag agus ionadaíocht ag cruinnithe pleanála d'imeachtaí amhail Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig.

Ar bhuaicphointí na hoibre, oibríodh le grúpaí míchumais agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun feabhas a chur ar rochtain ar an trá do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an obair seo ag Céim 2 den Mheasúnacht Chuí faoi láthair agus leanfar ar aghaidh le forbairtí breise in 2026. Tá tús curtha leis an mbunobair chun 'Líonra Míchumais' a bhunú i gCathair na Gaillimhe agus rinneadh plé dearfach leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir. Táthar ag súil leis an tionscnamh tábhachtach pobail seo a chur chun cinn in 2026. Cheadaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go ndéanfar Oifigeach Rochtana tiomnaithe lánaimseartha a earcú, agus go gcuirfear tús leis an ról in 2026.

## 4.2 Buiséad Rannpháirtíochta Pobail




Is tionscnamh nua é an Buiséad Rannpháirtíochta a thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe isteach in 2025, lenar iarradh ar an bpobal moltaí a chur isteach maidir le tionscadail ar mian leo go gcuirfí i bhfeidhm ina gceantair iad. Cuireadh fáilte roimh mholtaí do 2025 ó phobail agus ó chónaitheoirí i dToghcheantar Chathair na Gaillimhe Thoir. Rinneadh measúnú ar na moltaí sin chun bailíocht agus indéantacht na dtograí a mheas. Chuir Comhaltaí Tofa an Cheantair Thoir na moltaí incháilithe ar ghearrliosta agus roghnaíodh trí thogra le cur ar aghaidh chuig vóta poiblí ónar roghnaíodh an tionscadal rathúil.




Ba é Tionscadal Clós Súgartha Mervue an tionscadal a bhain an líon is mó vótaí poiblí amach. Dhírigh an tionscnamh seo ar threalamh súgartha inrochtana a fheistiú agus ar fheabhsuithe foriomlána ar inrochtaineacht a dhéanamh ag an gclós súgartha.




Díreoidh an tionscnamh ar Lár Chathair na Gaillimhe in 2026. Iarradh ar phobail agus ar chónaitheoirí i gceantar láir na Cathrach moltaí a chur isteach, chun deis a thabhairt dóibh tionscadail a mholadh a rachadh chun tairbhe go díreach dóibh. Cuireadh na moltaí seo ar ghearrliosta agus cuireadh chun vóta poiblí iad ónar cinneadh an togra rathúil, a ndéanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe é a sheachadadh le linn 2026. Tá tuilleadh eolais maidir leis an mBuiséid Rannpháirtíochta Pobail ar fáil anseo

## 4.3 Féile Sráide Chathair na Gaillimhe

Bhí Féile Sráide ar siúl ar fud na tíre Dé Sathairn an 24 Bealtaine agus Dé Domhnaigh an 25 Bealtaine 2025. Is é Féile Sráide deireadh seachtaine ceiliúrtha pobail agus lónta comharsanachta na hÉireann. Tá sé mar aidhm le Féile Sráide cuimsiú sóisialta agus lánpháirtiú sóisialta a chur chun cinn, dul i ngleic le huaigneas agus comharsanachtaí tacúla agus athléimneacha a thógáil i bpobail nua agus i bpobail níos sine ar fud na hÉireann.







I rith mhí Aibreáin, reáchtáil Féile Sráide seó bóthair i leabharlann Chathair na Gaillimhe. Cuireadh 25 féile sráide ar siúl ar fud Chathair na Gaillimhe. Tá tuilleadh eolais maidir le Féile Sráide ar fáil anseo

### 4.4 'Compass Recovery', Mol Téarnaimh WRDATF

Is samhail fhianaisebhunaithe í an straitéis téarnaimh réigiúnach de chuid Thascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthair (WRDATF) chun tacú le sláinte agus folláine fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta daoine atá i mbun téarnaimh, agus chun tacú leo conairí dul chun cinn a aimsiú chun filleadh ar phobail, ar ghníomhaíochtaí dearfacha, ar an oiliúint, oideachas agus fostaíocht.

Le tacaíocht ó LCDC Chathair na Gaillimhe, bunaíodh Mol Téarnaimh 'Compass Recovery' chun spás bríomhar, fáilteach a chur ar fáil do dhaoine atá ag téarnamh. Bíonn cláir shláinte fisiciúla, cláir mheabhairshláinte, agus cláir shláinte sóisialta á dtairiscint ar bhonn seachtainiúil, chomh maith le conairí dul chun cinn tríd an scéim Téarnaimh Fostaíochta Pobail, agus tríd an gclár Nascóirí. Ó osclaíodh é i mí Lúnasa 2025, bíonn idir 50-70 rannpháirtí ag freastal ar an mol gach seachtain. Tá 12-14 grúpa ghníomhacha ann agus rannpháirtíocht láidir ann i róil cheannaireachta, tá 14 oibrí dheonacha piaraí agus naonúr nascóirí téarnaimh ann, agus iad go léir sóbráilte in ainneoin na ndúshlán a bhí rompu. Tá seisear iar-oibrithe deonacha imithe ar aghaidh chuig an bhfostaíocht, rud a léiríonn rath an Mhoil ó thaobh téarnaimh, athléimneachta agus lánpháirtiú pobail de.

Ag féachaint chun cinn go 2026, cuirfidh Mol Téarnaimh Compass Recovery leis na modúil QQI deimhnithe atá ar fáil, agus oibreoidh an fhoireann le coláistí chun prionsabail téarnaimh a chur in iúl go soiléir don chéad ghlúin eile, rud a spreagfaidh athrú cultúrtha ó thaobh andúile agus téarnaimh de.

## 5. Lánpháirtiú agus Tacaíochtaí do Phobail Nua

### 5.1 Foireann Lánpháirtithe na nÚdarás Áitiúil

Bunaíodh Foireann Lánpháirtithe Údaráis Áitiúla Chathair na Gaillimhe (LAIT) in 2024 a raibh Comhordaitheoir Tacaíochta Lánpháirtithe agus Beirt Oibrithe Tacaíochta Lánpháirtithe inti. Cuireadh Oibrí Fóram Lánpháirtithe Pobail leis an bhfoireann le déanaí freisin. Tacaíonn an LAIT le daoine ar iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta iad, leo siúd a bhfuil stádas Dídeanaithe acu, leo siúd a bhfuil Cosaint Choimhdeach nó stádas Cead Fanachta acu, le Dídeanaithe Cláir, Tairbhithe Cosanta Sealadaí agus Mionaoisigh Neamhthionlactha.

Treoraíonn Oibrithe Tacaíochta Lánpháirtithe LAIT daoine chuig na seirbhísí a theastaíonn uathu chun iad a lánpháirtiú sa phobal. Tá an fhoireann nasctha le seirbhísí ábhartha ar fud na cathrach agus tugann sí cuairt ar Ionaid Chóiríochta IPAS uair sa gcoicís chun na tacaíochtaí a theastaíonn ó chónaitheoirí a aithint. Áirítear leis seo seisiúin faisnéise grúpa bunaithe ar riachtanais a reáchtáil, chomh maith le clinicí duine le duine chun riachtanais shonracha tacaíochta na ndaoine a thuiscint.

Éascaíonn Oibrí Fóram Lánpháirtithe Pobail LAIT cruinnithe fóram sé huaire sa bhliain. Tugann an t-oibrí ionadaithe ó phríomhsheirbhísí agus ó phríomhghníomhaireachtaí le chéile chun faisnéis a mhalartú, chun riachtanais atá ag teacht chun cinn don ghrúpa cliant a phlé, chun béim a leagan ar bhacainní nó ar shaincheisteanna a dteastaíonn aird uathu, agus chun fadhbanna a réiteach mar ghrúpa chomhchoiteann. Tá taispeántas frithchiníochais á éascú ag LAIT atá ar camchuairt faoi láthair – is éard atá i dtaispeántas SALAAM ná sraith de scéalta cartúin a thaispeántar i nGaeilge agus i mBéarla. Seoladh an taispeántas i mí an Mhárta. Reáchtálann LAIT 'Tionscnamh Oiliúna Oscailte' bliantúil freisin ina gcuirtear fáilte roimh ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus eagraíochtaí comhpháirtíochta teacht isteach i Halla na Cathrach chun páirt a ghlacadh i sraith seisiún oiliúna chun feabhas a chur ar a gcuid eolais agus scileanna i dtaobh a bheith ag obair le hiarrthóirí tearmainn.

Tá tuilleadh eolais maidir le LAIT Chathair na Gaillimhe ar fáil anseo LAIT

## 5.2 Straitéis agus Tionscnaimh Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe

Ghlac Rannóg Pobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe páirt ghníomhach i bhforbairt na Straitéise Idirchultúrtha don chathair. D'éascaigh foireann UCDO nasc idir an fhoireann forbartha straitéise agus Coiste Comhairleach Eolaíochta UNESCO, trí bhallraíocht ECCAR Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, chun moltaí an Choiste a dhaingniú agus iad a chur san áireamh sa straitéis.

**ECCAR:** Chuaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i dteagmháil le ECCAR (Comhghuaillíocht Eorpach na gCathracha in aghaidh an Chiníochais) arís, agus d'fhreastail an Clr. Helen Ogbu (Cathaoirleach LCDC) agus Oliver Lydon (UCDO) ar Chomhthionól Ginearálta na Comhghuaillíochta in Zurich an 23 Deireadh Fómhair agus an 24 Deireadh Fómhair. Bhí Comhdháil Ghinearálta ECCAR in Zurich thar a bheith fiúntach. De réir thorthaí na comhdhála, ní féidir deireadh iomlán a chur leis an gciníochas riamh,

ach gur féidir córais láidre a bhunú i gcathracha chun pobail a chosaint, chun cuimsiú a chur chun cinn, agus chun muintearas a chothú. Cuireadh samhlacha éifeachtacha ó chathracha Eorpacha eile in iúl do lucht féachana na comhdhála freisin, inar léiríodh an luach a bhaineann le struchtúir thiomnaithe a thacaíonn le tuairisciú, le cosc agus le cuntasacht.

**Lá na hAfraice:** Is ceiliúradh bliantúil é Lá na hAfraice a bhíonn á reáchtáil ar an 25 Bealtaine. Is ceiliúradh náisiúnta é ar mhuintir, ar chultúir agus ar acmhainn mhór-roinn na hAfraice. In 2025, leithdháil Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú deontais — a chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar fáil — chun tacú le tionscnaimh áitiúla Lá na hAfraice.

I measc na n-imeachtaí éagsúla cultúrtha, ealaíne agus teaghlaigh i mbliana, rinneadh ceiliúradh ar chultúr comhaimseartha na hAfraice in Éirinn, reáchtáladh laethanta spraoi teaghlaigh, agus rinneadh ceiliúradh ar fhaisean, ar ealaín, ar cheol, damhsa agus bia.

## 6. Cathair Shláintiúil na Gaillimhe

Is ionann Éire Shláintiúil agus tionscnamh faoi stiúir an rialtais a dhíríonn ar shláinte agus folláine an uile dhuine atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú. Tionscnamh de chuid Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LCDC) is é Cathair Shláintiúil na Gaillimhe (HGC) a fhéachann le cathair a chruthú inar féidir le gach duine leas iomlán a bhaint as sláinte agus folláine fhisiciúil agus mheabhrach. Áiríodh €75,000 le haghaidh 2025 i gComhaontú Deontais an Chiste Éire Shláintiúil 2022-2025 chun tionscnaimh tosaíochta sláinte agus folláine a sholáthar.

Ainmníodh Cathair na Gaillimhe mar Chathair Shláintiúil Eorpach faoi Chéim VII de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) ag Cruinniú Bliantúil Gnó agus Cruinniú

Comhdhála Teicniúil agus Comhdháil Theicniúil Líonra Eorpach na gCathracha Sláintiúla sa bhliain 2025 i mBursa na Tuirce. Tá Cathair na Gaillimhe anois mar chuid de Líonra Náisiúnta Cathracha & Contaetha Sláintiúla na hÉireann, in éindí le Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge atá ina gCathracha Sláintiúla WHO in Éirinn chomh maith.  Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Chathair Sláintiúil na Gaillimhe, téigh chuig www.healthygalwaycity.ie

## 6.1 Deontas Pobail Chathair Sláintiúil na Gaillimhe 2025

Sheol Cathair Shláintiúil na Gaillimhe Deontas Pobail Chathair Shláintiúil na Gaillimhe chun tacú le grúpaí agus le clubanna pobail i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Chuidigh an ciste €40,000 seo le 20 pobal, grúpa pobail agus club chun seirbhísí luachmhara a chur ar fáil do dhaoine ina gceantar, agus chun sláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair i gCathair na Gaillimhe a fheabhsú ag an am céanna. I measc na dtionscadal ar éirigh leo bhí ceardlanna laghdaithe rioscaí a bhaineann le halcól, gníomhaíochtaí garraíodóireachta, cláir um chuimsiú sóisialta, grúpaí gníomhaíochta fisiciúla agus aclaíochta, ceardaíocht agus go leor eile.

## 6.2 Táscairí Toraidh

**Céatadán na ndaoine fásta agus na leanaí a bhfuil treoirlínta gníomhaíochta coirp á gcomhlíonadh acu** - Mar a tharla i mblianta roimhe seo mar chuid de Chiste Éire Shláintiúil Bhabhta 4, chomhoibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Chathair na Gaillimhe (GSP) le Cathair Shláintiúil na Gaillimhe chun cláir a sheachadadh chun céatadán na ndaoine fásta agus na leanaí a bhfuil treoirlínte náisiúnta gníomhaíochta coirp á gcomhlíonadh acu a mhéadú. Díríonn gníomhaíochtaí maoinithe ag HGC ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine fásta níos sine agus ar dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Chuaigh HGC agus GSP i gcomhpháirtíocht le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthair (WRDATF) chun tionscnaimh a mhaoiniú atá dírithe ar leibhéil ghníomhaíochta coirp a mhéadú i measc iad siúd atá ag téarnamh ó andúil in alcól agus i ndrugaí. Ina measc seo bhí grúpaí Oiliúna Ceannairí Rothaíochta agus grúpaí Rothaíochta faoin gclár ‘Ar an mBóthar Ceart', chomh maith le Cláir Dornálaíochta agus grúpaí Reatha agus Siúil.

Mhaoinigh HGC seachadadh an chláir ‘Dúlra don tSláinte'; clár siúil 10 seachtaine bhí lonnaithe i gcoillearnacha áitiúla chun tacú le rannpháirtithe taitneamh a bhaint as

aclaíocht réidh, as an aireachas, as an mbithéagsúlacht, stair áitiúil agus ealaín theiripeach. Bhí an clár seo ar siúl i rith na bliana i gCoillte Mhuirlinne, agus díríonn sé ar dhaoine atá ina gcónaí i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Bhí an Dúlra don tSláinte ar siúl san earrach, sa samhradh agus san fhómhar, agus bhí seisiúin tráthnóna ann chun freastal ar raon níos leithne rannpháirtithe ná mar a bhí páirteach sna blianta roimhe seo.

Dhírigh an HGC agus an GSP ar fhir nach dtéann i mbun aclaíocht rialta tríd an gclár 'Fir ag Gluaiseacht' (MOTM). Is clár gníomhaíochta coirp é MOTM atá dírithe ar fhir fhásta chun cur leis an méid gníomhaíochta colainne a dhéanann siad, spraoi a bheith acu agus leibhéil aclaíochta a fheabhsú. Bíonn na cláir seo á seachadadh ar an Taobh Thoir, i mBaile Bán agus i mBaile an Phoill. Cuireadh clár aclaíochta dornálaíochta ar fáil freisin a bhí dírithe ar fhir den lucht siúil i mBaile an Phoill.

Chuir HGC agus Clár Aoisbhá Chathair na Gaillimhe an clár damhsa 'Céimeanna Sóisialta' ar fáil do dhaoine fásta níos sine i rith 2025. Cuireadh ceardlanna seachtainiúla damhsa sóisialta ar siúl i dtrí cheantar i gCathair na Gaillimhe (An Baile Bán, Seantalamh/An Taobh Thiar, Baile an Phoill/An Caisleán Gearr). D'fhreastail 20 duine ar an meán ar na ranganna seachtainiúla. Leanfaidh an clár seo ar aghaidh i rith 2026.

**Méadú ar mheabhairshláinte dhearfach an duine aonair de réir an Innéacs Fuinnimh agus Beogachta (EVI) -** Roghnaíodh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (GCP) agus Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe (GTM) mar chomhpháirtithe cur chun feidhme faoi HIF Bhabhta 4 2022 – 2025 chun tionscnaimh a sheachadadh faoin toradh 'Méadú ar mheabhairshláinte dhearfach an duine aonair de réir an Innéacs Fuinnimh agus Beogachta (EVI)'.



Leithdháil HGC €35,000 ar GCP chun Grúpaí Amhránaíochta Pobail, Clubanna Sóisialta na bhFear, agus raon gníomhaíochtaí ealaíne, folláine agus fisiciúla a sheachadadh a bhí deartha chun meabhairshláinte dhearfach a mhéadú i measc daoine aonair a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Thacaigh cistiú an HGC freisin le gníomhaíochtaí Sheirbhís Oideasaithe Shóisialta GCP agus an tionscadail Gníomhaíochta Óige Baile an Phoill in 2025. Leithdháil HGC €12,261

ar GTM chun cláir a sheachadadh a bhí deartha chun meabhairshláinte dhearfach a mhéadú i measc an Lucht Siúil ar bhealach a bheadh íogair agus oiriúnach ó thaobh cultúir de. I measc na dtionscnamh, bhí seisiúin agus grúpaí teiripe eachaí do dhaoine óga den Lucht Siúil, ranganna damhsa do mhná den Lucht Siúil, clár iascaireachta agus grúpaí folláine d'fhir den Lucht Siúil agus ceannaíodh trealaimh aclaíochta le haghaidh spórtlann phobail nuabhunaithe ag láithreán stad Cheathrú an Bhrúnaigh.



D'eagraigh GTM Turas Folláine do 80 Bean den Lucht Siúil. Chuaigh na mná go Mám Éan, áit a ndeachaigh siad ag siúl go réidh agus ar ghlac siad páirt i seisiún síochánta machnaimh ar an láthair chultúrtha a bhfuil suntas ag baint leis. D'eagraigh GTM turas go Scrín Chnoc Mhuire do bhaill an phobail le haghaidh Lá Náisiúnta Meabhairshláinte don Lucht Siúil.

# 7. Clár Aoisbhá

## 7.1 Straitéis Aoisbhá na Gaillimhe 2026 – 2031




Bhronn Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe conradh ar HUB Planning chun an dara comhstraitéis Aoisbháúil a fhorbairt i mí Feabhra 2025. Tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin a chur i gcrích agus anailís a dhéanamh ar na sonraí a bhí ar fáil, reáchtáladh ceardlanna pleanála gníomhaíochta i gcomhar le comhpháirtithe ceannais inmheánacha agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun gníomhartha a fhorbairt lena gcruthófar sochaí níos aoisbháúla.

Rinne an Chomhghuaillíocht Aoisbháúil agus an Chomhairle um Dhaoine Breacaosta do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe athbhreithniú ar an dréachtstraitéis, sular cuireadh tuilleadh athruithe i bhfeidhm uirthi tar éis í a chur faoi bhráid an SPC Forbartha Turasóireachta, an LCDC agus na Foirne Aoisbháúla Idir-rannaí. Cuireadh an dréacht-Straitéis faoi bhráid na nIonadaithe Tofa ag cruinniú speisialta faisnéise, sular glacadh go foirmiúil léi ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag.

Seoladh an Straitéis go hoifigiúil i mí Eanáir 2026. Chun Straitéis Aoisbhá na Gaillimhe 2026 – 2031 a fheiceáil, cliceáil anseo.

## 7.2 Tionscnaimh Aoisbhá 2025

Is feachtas náisiúnta í **an tSeachtain um Aosú Dearfach** (26 Meán Fómhair – 3 Deireadh Fómhair 2025) ina leagtar béim ar an iliomad gnéithe dearfacha a bhaineann leis an aosú, agus ina ndéantar ceiliúradh ar an gcaoi luachmhar a gcuireann daoine breacaosta leis an saol agus leis an bpobal.  Cuireadh an Taispeántas 'Laochra Áitiúla', príomhimeacht Chathair na Gaillimhe do Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh, ar siúl Dé Máirt an 30 Meán Fómhair in Amharclann Halla na Cathrach. Fuair 27 Laoch Áitiúil, arna n-ainmniú ag cairde, teaghlach agus comhghleacaithe leo, grianghraf proifisiúnta mar chuimhneachán ón gCllr. Alan Cheevers, agus ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an Clr. David Collins.   Taispeánadh grianghraif agus beathaisnéisí de gach duine de na laochra in áiteanna ar fud na Cathrach agus an Chontae i rith mhí Dheireadh Fómhair, agus ceiliúradh á dhéanamh ar an tionchar dearfach a imríonn daoine breacaosta ar an saol.

**Gradaim Náisiúnta um Ghaisce Aoisbháúil 2025** Bhí sé de phribhléid ag Comhairlí Cathrach agus Chontae na Gaillimhe na Gradaim Náisiúnta um Ghaisce Aoisbháúil a chomhóstáil, agus reáchtáladh an ócáid ar an 23 Deireadh Fómhair san Óstán Galmont. Tugann na gradaim aitheantas do thionscnaimh aoisbháúla ar fud na hÉireann agus bronntar duaiseanna orthu. Cuireann eagraíochtaí, daoine aonair/daoine den phobal, gníomhaireachtaí agus pobail iarratais isteach ar son tionscadal nó clár a mheasann siad a bheith aoisbháúil, go háirithe na tionscnaimh sin a thacaíonn le daoine breacaosta.

D'éirigh go han-mhaith leis an ócáid agus tháinig aíonna speisialta ó gach cearn d'Éirinn chun freastal uirthi, lena n-áiríodh Cathaoirligh, Méaraí, daoine ainmnithe, Ambasadóirí Aoisbháúla, baill an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta, agus baill Chomhairle na nDaoine Breacaosta.




Cuireadh 'an tSeachtain um Aosú Dearfach – Feachtas na Laochra Áitiúla' i gCathair na Gaillimhe ar an ngearrliosta faoin gcatagóir aoisbháúil 'Aosú Gníomhach agus Sláintiúil'.

**Foireann Idir-Rannach Chathair na Gaillimhe um Aoisbhá** Bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe Foireann Idir-Rannach um Aoisbhá in 2025 agus é mar aidhm aici cuspóirí Aoisbháúla a chur i bhfeidhm go daingean i ngach réimse seirbhíse de chuid an údaráis áitiúil. Is é príomhaidhm na foirne ná oibriú le chéile chun deiseanna comhoibrithe a aithint a dtacaíonn an Bainisteoir Cláir Aoisbháúil agus an Comhairleoir Teicniúil Aoisbháúil leo ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus é sin a thuairisciú don Chomhghuaillíocht Straitéiseach Aoisbháúil.

# 8. Scéimeanna Maoinithe Pobail

## 8.1 Ciste Aitheantais Pobail 2024

Bunaíodh an Ciste Aitheantais Pobail chun bonneagar agus áiseanna pobail a neartú agus buntáistí inláimhsithe a sholáthar do cheantair inar cuireadh fáilte roimh imircigh a tháinig isteach le blianta beaga anuas. Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe leithdháileadh €1,617,752. Tá na tionscadail scaipthe ar fud na cathrach chun an tairbhe agus an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach agus ní mór iad a sheachadadh le linn 2025 agus 2026.




Ceadaíodh 19 dtionscadal faoi CRF 2024, agus dáileadh iad thar thrí thréimhse mhaoinithe: €936,693 do 11 thionscadal i mí Lúnasa 2024, €290,735 do 2 thionscadal i mí Feabhra 2025, agus €390,325 do 6 thionscadal i mí an Mheithimh 2025. Dhírigh an babhta maoinithe deiridh go sonrach ar an taobh Thoir de Chathair na Gaillimhe chun infheistíocht chothrom a bhaint amach ar fud na cathrach.

I measc na dtionscadal a cuireadh ar fáil le linn 2025 bhí uasghrádú soilsithe, feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar áiseanna pobail, ceannach feithiclí pobail, athchóiriú clubanna áitiúla agus áiseanna spóirt, agus









## 8.2 Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2025/2026




D’fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Clár Feabhsúcháin Áitiúil (LEP) 2025 i mí na Samhna 2024 agus rinne LCDC Chathair na Gaillimhe é a riar in 2025.

Leithdháileadh os cionn €137,000 i maoiniú reatha agus caipitil ar 91 grúpa/eagraíocht phobail agus dheonach faoin gciste.

Chuidigh an maoiniú seo le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, le mionoibreacha caipitil agus feabhsuithe ar a gcuid áiseanna, agus le trealamh a cheannach d’úsáid an phobail. Áirítear ar oibreacha caipitiúla den sórt sin deisiúcháin agus feabhsuithe riachtanacha a dhéanamh ar shaoráidí, rochtain fheabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas, éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí pobail a fheabhsú, nó trealamh a cheannach lena úsáid ag an bpobal. Chuidigh an ghné reatha den mhaoiniú le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí lena gcostais reatha neamhphá amhail costais fuinnimh/billí, costais chíosa/léasa, nó billí árachais. Is ionann an leithdháileadh faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 do LCDC Chathair na Gaillimhe agus €141,688.31. Cuirfidh an maoiniú seo tacaíochtaí caipitil ar fáil do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí beaga pobail, agus cuirfear béim ar leith orthu siúd a bhíonn ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Is é LCDC Chathair na Gaillimhe a riarfaidh an maoiniú seo in 2026. Tá an Preasráiteas inar fógraíodh an ciste seo ar fáil [ANSEO]

## 8.3 Féilte Pobail Áitiúla




Cheadaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú €25,000 chun tacú le féilte agus le himeachtaí faoi stiúir an phobail, arb ionann é agus méadú €10,000 ar an leithdháileadh a rinneadh roimhe seo. Leithdháileadh maoiniú ar 24 ghrúpa pobail chun iad a chumasú chun imeachtaí a chur ar fáil a oirfidh do riachtanais agus do spéiseanna na ndaoine áitiúla. Chuidigh na gníomhaíochtaí seo le comhtháthú an phobail a neartú, le muintearas agus bród a chur chun cinn, le rannpháirtíocht a spreagadh, agus tacú le caidreamh dearfach ar fud grúpaí éagsúla.

## 8.4 Gníomhú Pobail, Cuimsiú, Athghiniúint, Forbairt & Comhshaol (CAIRDE)




In 2025 bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Scéim Deontais um Ghníomhú Pobail, Cuimsiú, Athghiniúint, Forbairt & Comhshaol (CAIRDE) mar chuid dá tiomantas chun tacú le pobail, leis an bhforbairt áitiúil agus le hathghiniúint. Cuireann an Scéim seo tacaíocht airgeadais ar fáil do ghrúpaí pobail, spóirt agus deonacha, d'fhiontair shóisialta agus do chumainn ghnó le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh a chuideodh lena bpobail dul chun cinn a dhéanamh agus atá in ann feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil ina gceantair féin. Cuireadh fáilte roimh iarratais ar líne i rith mhí Aibreáin, faoi chúig shruth éagsúla:

- **Gníomhú Pobail:** Tionscadail lena gcuirtear an fholláine shóisialta, chultúrtha agus fhisiciúil chun cinn.
- **Cuimsiú:** Tionscnaimh lena gcothaítear comhionannas agus inrochtaineacht do ghrúpaí imeallaithe.
- **Athghiniúint:** Iarrachtaí athbheochana i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

- **Forbairt:** Fás eacnamaíoch, feabhsú bonneagair, agus feabhsuithe ar shaoráidí spóirt.

- **An Comhshaol:** Tionscadail chomhshaoil inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide




Fuarthas 111 iarratas, agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh, leithdháileadh €565,000 ar 66 iarratasóir rathúla ag cruinniú na Comhairle i mí an Mheithimh. Léirigh na tionscadail a ceadaíodh le haghaidh maoinithe réimse leathan tosaíochtaí, lena n-áirítear forbairt pobail, tionscnaimh chultúrtha, agus cur chun cinn na Gaeilge. Dhírigh tionscadail eile ar tacaíodh leo ar spásanna poiblí a athghiniúint, ar áiseanna spóirt a fhorbairt, ar chuimsiú agus inrochtaineacht a fheabhsú, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, agus forbairt eacnamaíoch agus turasóireacht áitiúil a spreagadh.

Osclaíodh an próiseas iarratais do Scéim 2026 i mí Dheireadh Fómhair, agus glacadh le hiarratais ar líne arís. Fuarthas 126 iarratas, rud a léiríonn méadú ar an éileamh ar an scéim i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ceadaíodh na deontais rathúla ag cruinniú na Comhairle i mí Eanáir 2026.

## 9. Clár Forbartha Pobail

AMACH! Féachann LADT+ leis an gcuimsiú a chur chun cinn, cearta a chosaint agus cáilíocht na beatha agus na folláine a fheabhsú do dhaoine LADT+, rud a chuireann ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil na hÉireann. In 2023, d’éirigh le AMACH! LADT+ Gaillimh, trí LCDC Chathair na Gaillimhe, maoiniú a fháil faoin gclár seo, agus tá síneadh breise curtha leis an maoiniú seo anois go dtí mí na Nollag 2026.

D'aontaigh LCDC Chathair na Gaillimhe go mbeadh tionchar dearfach ag baint leis an Ionad Acmhainní Teach Solais a bhunú agus tá siad sásta leis an gclár oibre. Tá naisc shoiléire déanta ó thaobh cuspóirí agus gníomhaíochtaí de in LECP Chathair na Gaillimhe 2024 – 2029 agus i bPlean Cur Chun Feidhme 2024 – 2025.

Tá fianaise ann maidir le dul chun cinn agus maidir le torthaí a bhaint amach. Úsáideann Obair d'Ógra Éireann Teach Solais anois dá grúpa Óige do dhaoine suas le 18 mbliana ó gur chaill siad an spás cruinnithe a bhí acu roimhe seo. Cuireann sé seo le Tábhacht a bhaineann le Spáis d'óige LADT sa chathair. De réir mar a d'ardaigh feasacht i measc an phobail LADT+ ar Ionad Acmhainní LADT+ Teach Solais, tháinig méadú ar líon na ndaoine LADT+ ar an imeall a chuaigh i dteagmháil le seirbhísí. Bhí suntas ach go háirithe ag baint leis an méadú ar líon na ndaoine a tháinig isteach ón gcóras IPAS/soláthair dhírigh.

D'óstáil AMACH LADT+ a chéad cheiliúradh ar Lá na hAfraice san ionad i mBealtaine 2025 agus bhí ceiliúradh oíche Afraice acu mar chuid d'Fhéile Bhród Pobail na Gaillimhe. Mar chuid d'Fhéile Bhród Pobail na Gaillimhe, d'óstáil AMACH! roinnt ócáidí a dhírigh ar an tsláinte agus ar an bhfolláine i gcomhpháirtíocht le Sexual Health West, le hIonad Géarchéime um Éigniú na Gaillimhe agus le Cope na Gaillimhe. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na himeachtaí; Mearthástálacha VEID & Sifilis ar an láthair go laethúil, ceardlann sláinte ghnéis, ceardlann faisnéise tástála baile SH24, caint feasachta pobail maidir le Mí-Úsáid i nDlúthchaidreamh agus an pobal LADT+, agus ceardlann maidir leis an bhféinchúram agus an gníomhaíochas.

Cuireadh sraith chuimsitheach oiliúna d'oibrithe deonacha ar fáil do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha lena n-áiríodh na Meáin, Seoladh Teachtaireachtaí don Athrú Sóisialta, Ceannaireacht Óige, Tacaíocht Piaraí, Bainistíocht agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta. Oibríodh i gcomhpháirt le raon grúpaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus chun réitigh chomhchoiteann a fhorbairt do na trí thionscnamh forbartha pobail seo a leanas: Ceannairceacht Phobail na Gaillimhe. Grúpa Gníomhaíochta Comhchoiteann don Phobal Trasinscne, agus Freagairt faoi stiúir piaraí a fhorbairt chun tacú le daoine LADT+ i Soláthar Díreach.

Ba bhliain shuntasach í 2025 don eagraíocht ó thaobh fáis de. Tháinig méadú ar dheiseanna rannpháirtíochta pobail, ó ghrúpaí sóisialta faoi stiúir piaraí, go tionscnaimh a bhí dírithe ar an tsláinte agus ar an bhfolláine. D'oibrigh siad i gcomhar le Tionscadal Óige LADT+ ShOUT chun grúpa Óige 18-24 bliain d'aois a chomhchruthú agus a éascú. Tháinig an grúpa seo le chéile go rialta i rith an téarma. Céim ar an aistear atá anseo do dhaoine óga atá ag dul in aois go bhféadfaidh siad leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí fós, agus timpeallacht thacúil ar fáil dóibh faoi stiúir oibrithe óige

Chuidigh AMACH! le hObair d'Ógra Éireann chun grúpa Tuismitheoirí LADT a óstáil go míosúil chomh maith. Is grúpa éascaithe é seo chun tacaíocht agus faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí daoine LADT+. Is seirbhís for-rochtana luachmhar í seo chun sábháilteacht agus slándáil sa bhaile a chinntiú do dhaoine óga LADT+ a thagann amach.

Bíonn Caifé Infheictheachta á reáchtáil ag AMACH! laistigh d'Institiúid Theicniúil na Gaillimhe freisin. Toisc go n-athraíonn na mic léinn ar bhonn bliantúil, níl grúpa/cumann sóisialta LADT+ seanbhunaithe sa choláiste. Freastalaíonn AMACH ar an éileamh seo trí theacht le chéile sóisialta a reáchtáil ar an láthair ar bhonn míosúil i rith an téarma.

Chun tacú le sláinte agus folláine an phobail LADT+ ar go leor bealaí éagsúla, phleanáil agus reáchtáil AMACH imeachtaí éagsúla i rith 2025. I measc na n-imeachtaí seo bhí siúlóidí Aireachais san Fhoraois, ranganna féinchosanta, seisiúin eolais faoi tháirgí sláinte ghnéis a cheannach, agus leanadh ar aghaidh ag tacú le foireann bogliathróide AMACH trí oiliúint Garchabhrach Spóirt a chur ar fáil.

Le linn na ráithe deireanaí de 2025, thosaigh AMACH! ar sheisiúin traenála seachtainiúla taobh istigh a chur ar siúl arís don fhoireann bogliathróide. Is foireann bogliathróide LADT+ í 'The Galway Gulls' a bhunaigh AMACH anuraidh, agus mealltar go leor ball nua chun páirt a ghlacadh san fhoireann gach téarma. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil, déan teagmháil le AMACH! LADTI+ Ghaillimh ar info@amachlgbt.com

## 10. Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN/PPN)

Déanann Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN), an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí do Chathair na Gaillimhe, ionadaíocht ar níos mó ná 190 eagraíocht phobail, dheonach, chuimsithe shóisialta agus chomhshaoil. Agus iad á dtreorú ag fís na heagraíochta de chathair chruthaitheach, chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhfuil rialachas trédhearcach inti, lean GCCN ar aghaidh le rannpháirtíocht an phobail a neartú, le tacaíocht a thabhairt do struchtúir ionadaíocha, agus leis an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Chuir GCCN réimse deiseanna oiliúna ar fáil in 2025. Reáchtáladh dhá sheisiún ionduchtúcháin do bhaill nua agus do bhaill ionchasacha chun ról GCCN a chur in iúl dóibh. Cuireadh ateangaireacht Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus formáid éasca le léamh ar fáil do cheann amháin de na seisiúin seo, agus tá taifeadtaí an tseisiúin sin le foilsiú ar líne. Eagraíodh sraith seimineár gréasáin faisnéise inar scaipeadh eolas

maidir le raon leathan sruthanna maoinithe. Áiríodh ceardlanna maidir leis an Scéalaíocht Chruthaitheach do Cheartas Sóisialta agus Comhshaoil, Bainistíocht Oibrithe Deonacha, Feasacht ar Uathachas, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i measc na ndeiseanna oiliúna a cuireadh ar fáil do bhaill. D'eagraigh GCCN Oiliúint Feasachta LADTA+ dá Rúnaíocht freisin.

Lean GCCN ar aghaidh le hionadaíocht an phobail ar phríomhstruchtúir áitiúla a éascú, lena n-áirítear an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC), Coistí um Beartas Straitéiseach, agus an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail Áitiúil. Reáchtáladh cruinnithe grúpa nascála roimh gach cruinniú coiste chun tacú le hionadaithe agus chun tuairimí na mball a bhailiú.



Thacaigh GCCN le baill chun aighneachtaí beartais a chur le chéile maidir le raon leathan comhairliúchán poiblí, lena n-áirítear BusConnects (Bóthar Bhaile Átha Cliath), Sráidbhaile Bhóthar na Trá agus Creatphlean Chladach Bhóthar na Trá, Straitéis Chomhtháite Cheantar Uirbeach an Iarthair, Máistirphlean Chuan Istigh na Gaillimhe, Straitéis Spáis Ghlais, Plean Forfheidhmithe LECP, agus suirbhéanna ar thionscadail na Rinne Móire agus na Páirce Theas. Reáchtáladh clinic buail isteach i mí Feabhra chun cabhrú le cónaitheoirí páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin pháirce.

Chomhoibrigh GCCN le Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (in éineacht le páirtithe leasmhara eile) ar an Straitéis Idirchultúrtha agus ghlac sí páirt san Fhóram um Lánpháirtiú Pobail.

Thacaigh GCCN le Rochtain do Chách i rith 2025 agus chuidigh sé le gearrscannán oideachais a fhorbairt ina leagtar béim ar bhacainní rochtana laethúla a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas i gCathair na Gaillimhe. Ghlac Comhairleoirí Áitiúla páirt chun taithí phearsanta a fháil ar na dúshláin seo. Tá an scannán á úsáid go forleathan ó shin le haghaidh for-rochtana agus oiliúna. Taispeánadh é ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus ag Cruinniú Iomlánach GCCN i rith an Gheimhridh.




Tar éis an scannáin a léiriú, moladh go bhfostófaí Oifigeach Rochtana lánaimseartha do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus go mbunófaí Coiste Stiúrtha um Chuimsiú do Dhaoine faoi Mhíchumas. Chuidigh GCCN leis an togra buiséid, a ceadaíodh do 2026, agus tá Straitéis Rochtana fós le teacht.

D'oibrigh GCCN le NASC agus le hOllscoil an Tearmainn arís chun tacú le hurraíocht phobail do bheirt mhac léinn dídeanaithe a bhí ag staidéar in Ollscoil na Gaillimhe.

Roghnaíodh GCCN mar eiseamláir Eorpach den dea-chleachtas maidir le rannpháirtíocht an phobail. Chuir duine den fhoireann obair GCCN i láthair ag comhdháil Eorpach Interreg in Amstardam.

Mar chomhpháirtí i dTionscadal Uiscebhealaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, arna mhaoiniú ag Tionscnamh Uirbeach na hEorpa, chomhordaigh GCCN rannpháirtíocht an phobail chun trí thionscadal hidreachumhachta ar scála beag a chur i bhfeidhm. Reáchtáladh an chéad chruinniú den choiste rannpháirtíochta pobail i mí na Nollag 2025.



Thacaigh GCCN leis an Tionól Pobail um an Aeráid, inar cuireadh tionscnaimh áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide os comhair an phobail. Bhí urlabhraithe i láthair ó

raon leathan grúpaí pobail, comhshaoil, óige agus acadúla, agus thug siad aghaidh ar théamaí a bhain le huisce, leis an tsoghluaisteacht, le dúlra, bia agus folláine.

Lean GCCN ar aghaidh leis an gcomhoibriú fadtéarmach atá acu leis an LCDC, le Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus le FSS maidir le Straitéis Chathair Shláintiúil na Gaillimhe agus maidir le creat maoinithe Éire Shláintiúil. Ghlac ionadaithe GCCN páirt i gCoiste Stiúrtha Chathair Shláintiúil na Gaillimhe i rith na bliana. Cuireadh ateangaireacht Chomharthaíocht Lámh na hÉireann ar fáil ag seisiún ionduchtúcháin amháin agus ag trí chruinniú iomlánacha.

Chuidigh GCCN le Gaillimh Aoisbháúil agus le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthair, lena n-áiríodh ionchur a bheith acu maidir le bileog eolais faoi sheirbhísí, atá le seoladh in 2026.

D'oibrigh GCCN le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le baill chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha pobail i bPlean Forfheidhmithe LECP 2024-2025 agus chun dréachtphlean 2026-2027 a chruthú. I measc phríomhréimsí an phlean tá; bochtaineacht a laghdú, cuimsiú sóisialta, tacaíochtaí tithíochta do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus gealltanais chomhionannais agus chearta an duine a neartú. Tháinig an Grúpa nua Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil sa Chathair agus sa Chontae, a cónascadh le déanaí, le chéile den chéad uair in 2025. Díríodh ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach a chur i bhfeidhm, ar oiliúint maidir leis an inniúlacht chultúrtha, agus ar an gCreat maidir le hEitneacht an Lucht Siúil a athnuachan.

Bhí GCCN ina phríomhpháirtí leasmhara arís i bPobail na Gaillimhe in aghaidh an Chiníochais agus an Idirdhealaithe (GCARD). Thacaigh siad le himeachtaí amhail 'March to the Arch', agus le torthaí an tsuirbhé ar chiníochas agus ar an idirdhealú a sheoladh. Thacaigh GCCN leis an bhFóram um Lánpháirtiú Imirceach freisin, agus chuidigh siad leis an Straitéis Idirchultúrtha a thabhairt chun críche.

## 11. Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe (GVC)

Chláraigh 891 duine a bhfuil cónaí orthu i gcathair na Gaillimhe chun seirbhís GVC a úsáid in 2025 agus tá os cionn 6,000 duine i gcathair na Gaillimhe cláraithe leis an tseirbhís anois. Tá daoine ó 85 náisiún éagsúla ó ar fud an domhain i measc na n-oibrithe deonacha seo, agus is as tíortha lasmuigh d'Éireann 41% de na hoibrithe deonacha.

D'fhógair GVC 270 ról deonach d'eagraíochtaí i gcathair na Gaillimhe.  Tá idir ghrúpaí ar mhionscála agus charthanachtaí náisiúnta i gceist leo seo.

**Ag Tacú le hImeachtaí Pobail**



D'fhás clár Oibrithe Deonacha Pobail GVC arís in 2025. Thug 250 oibrí deonach cúnamh ag 26 imeacht éagsúla lena n-áiríodh Oíche Chultúir, Lá Fhéile Pádraig, Cruinniú na nÓg, agus Gradaim an Mhéara.

**Ag Tacú leis an Turasóireacht i gCathair na Gaillimhe**




Bhí 43 Ambasadóir Sráide na Gaillimhe gnóthach arís i rith an tsamhraidh agus iad ag cuidiú le cuairteoirí ar shráideanna na cathrach. Bhí idir treoracha, comhairle agus eolas ginearálta á dtabhairt acu chun cabhrú le cuairteoirí taitneamh a bhaint as a gcuairt ar Ghaillimh. Bhuaigh GVC Gradam Mhéara Chathair na Gaillimhe i gcatagóir na nEalaíon, an Chultúir, na hOidhreachta & Cúrsaí Gaeilge chomh maith.

**Oiliúint agus Grinnfhiosrúchán do Ghrúpaí Pobail -** I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025, d'eagraigh GVC 10 gceardlann ar líne, le tacaíocht ó LCDC Chathair na Gaillimhe, ar ábhair amhail Dinimic Foirne, Comhoibriú, Bainistíocht, Pleanáil do na Meáin Shóisialta, agus Scileanna Tarmligin. D’fhreastail 62 duine ó 36 eagraíocht ar an oiliúint. Chuir GVC ceardlanna bainistíochta oibrithe deonacha ar fáil i gcomhpháirtíocht le GCCN agus próiseáladh 623 iarratasóir grinnfhiosrúcháin ar son 67 eagraíocht, agus cuireadh oiliúint ar eagraíochtaí cleamhnaithe maidir le riachtanais nua grinnfhiosrúcháin.

**Caifé Comhoibrithe na Gaillimhe**



Bhí an Caifé Comhoibrithe i mí na Bealtaine ar bhuaicphointí na bliana. Ghlac ionadaithe ón bpobal, ón stát agus ón lucht gnó páirt in ócáid fhuinniúil inar scrúdaíodh na bealaí a bhféadfaimis go léir a bheith ag comhoibriú níos fearr ar son shaoránaigh na Gaillimhe. Tá sonraí maidir leis an ócáid ar fáil sa tuairisc seo I dTreo Gaillimh Níos Comhoibrithí.pdf

**Ag Tacú le Pobail Nua** - Ó 2022 i leith tá GVC ag cabhrú le pobal na hÚcráine i nGaillimh. Tá an obair seo leathnaithe ó shin chun tacaíocht a thabhairt do gach pobal nua. Chuir GVC ceardlanna ar siúl chun cuidiú le daoine a gcuid muiníne a fheabhsú ó thaobh an Bhéarla de, chomh maith le ceardlanna scileanna comhbhá agus maidineacha comhrá. D'fhorbair siad an taispeántas grianghrafadóireachta, 'In Our Eyes', a fuair maoiniú ó Éire Ildánach freisin, a rachaidh ar camchuairt timpeall Chathair na Gaillimhe in 2026.

**Féile na Gaillimhe um Ghníomhú ar son na hAeráide**



I gcomhar le Foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Ghníomhú ar son na hAeráide, reáchtáil GVC a chéad Aonach um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn na Féile 'Climate Inspirations' i mí Mheán Fómhair. Bhí deis ag an bpobal bualadh le grúpaí a dhíríonn ar an dúlra ag an ócáid, chun eolas a fháil fúthu agus chun páirt a ghlacadh iontu.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le LCDC Chathair na Gaillimhe agus an méid a dhéanann sé, déan teagmháil le:

| | |
|---|---|
| Dermot Mahon | Katie Fahy |
| Príomhoifigeach LCDC | Tacaíocht LCDC |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste | Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste |
| Gaillimh | Gaillimh |
| dermot.mahon@galwaycity.ie | katie.fahy@galwaycity.ie.ie |

LCDC

Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee



